Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/2010

18.3.2024

**Iarraidh ar réamhrialú ón Landessozialgerichts für das Saarland (an Ghearmáin) arna taisceadh an 4 Nollaig 2023 – A v GKV-Spitzenverband**

**(Cás C-743/23, GKV-Spitzenverband)**

(C/2024/2010)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landessozialgericht für das Saarland

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* A

*Cosantóir:* GKV-Spitzenverband

*Páirtí leasmhar:* Moguntia Food Group AG

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An bhfuil Airteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ([1]) i gcomhar le hAirteagal 14(8) de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ([2]) le léiriú sa chaoi, agus scrúdú á dhéanamh an bhfuil cuid shuntasach den ghníomhaíocht á cur i gcrích i mBallstát, nach mór gníomhaíochtaí uile an fhostaí, lena n-áirítear a ghníomhaíochtaí i dtríú tíortha, a chur san áireamh?
2. Nó an bhfuil Airteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 i gcomhar le hAirteagal 14(8) de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 le léiriú sa chaoi, agus scrúdú á dhéanamh an bhfuil cuid shuntasach den ghníomhaíocht á cur i gcrích i mBallstát, nach bhfuil ach gníomhaíochtaí an fhostaí a chuirtear i gcrích sna Ballstáit le cur san áireamh?

---

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO 2004 L 166, lch. 1).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO 2009 L 284, lch. 1).